| | |
|---|---|
| **Teideal Beartais:** | An Beartas Smachta |
| **Cur Síos:** | Is é cuspóir an bheartais seo na céimeanna a ghlacfaidh Institiúid Oideachais Marino (IOM) maidir le gníomhú smachtaithe neamhfhoirmiúil agus foirmiúil a bhaineann le fostaithe IOM agus leis an bpróiseas achomhairc lena bhaineann a leagadh amach. |
| **Údar (Post):** | Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| **Leagan:** | 2.0 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta Athfhaofa an Bheartais:** | Feabhra 2026 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Meitheamh 2027 nó de réir mar is gá |

# An Beartas Smachta

## 1. Cuspóir agus Raon Feidhme

Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino ("**IOM**") a áirithiú go gcoinníonn sí na caighdeáin is airde is féidir ina cuid gníomhaíochtaí go léir. Tá sé mar aidhm ag IOM cóid iompair agus iompraíochta chaighdeánacha agus chomhaontaithe a chur chun cinn laistigh d'IOM.

Is é cuspóir an Bheartais Smachta seo ( an "**Beartas**") a áirithiú go gcaitear le fostaithe IOM go cothrom agus líomhaintí maidir le hiompar do-ghlactha, freastal nó fadhbanna cumais á bhfiosrú nó á láimhseáil. Baineann an Beartas seo le gach fostaí a chuir a t(h)réimhse phromhaidh i gcrích go rathúil (lena n-áirítear aon síneadh de).

Leagann an Beartas seo amach beartas IOM reatha maidir le gníomhú smachtaithe, agus an Cód Cleachtais ar Nósanna Imeachta Gearán agus Smachta den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a chur san áireamh. I gcásanna ar leith, áfach, coimeádann IOM an ceart aici aon athruithe agus leasuithe a dhéanamh ar an mBeartas seo atá riachtanach, ag am ar bith, dá lánrogha féin.

Coimeádann IOM an ceart aici éirí as riachtanais chruinne an Bheartais seo de réir mar is cuí agus nach n-athraíonn an dóigh a gcaitear leis an bhfostaí dá bharr sin. Cé gurbh fhearr cur chuige céim ar chéim a ghlacadh de ghnáth, coimeádann IOM an ceart aici céimeanna den Bheartas seo a scipeáil de réir mar is cuí de réir thuairim IOM, de bharr thromchúis na líomhna nó an ghearáin, nó ar aon slí eile.

Déanfar taifead ar gach cás de ghníomhú smachtaithe faoin mBeartas seo agus cuirfear iad i dtaifid IOM agus ar chomhad pearsanra an fhostaí. Coinneofar taifid mar sin de réir Sceideal Coinneála Taifead IOM. Cuirfear cóip de thaifid smachta IOM a bhaineann leat ar fáil duit ar iarraidh uaitse.

## 2. An Nós Imeachta

### Imscrúdú

Ní dhéanfaidh IOM gníomhú smachtaithe gan imscrúdú cuí a dhéanamh ar na fíorais faoin ábhar ar a ndearadh gearán. I gcásanna áirithe, féadfaidh nach mbeidh imscrúdú foirmiúil ag teastáil, ní mór d'IOM é seo a chinneadh dá lánrogha féin.

Más cuí, féadfaidh IOM, trí fhógra scríofa, tú a chur ar fionraí ar phá iomlán le haghaidh tréimhse ar leith a fhad is a bhíonn an t-imscrúdú ar siúl. Má chuirtear tú ar fionraí amhlaidh,

leanfaidh do chonradh fostaíochta mar aon le do chearta ar fad lena n-áirítear íocaíocht tuarastail, ach le linn na tréimhse fionraí, ní bheidh tú i dteideal rochtain ar aon áitreabh IOM seachas ar iarraidh nó le toiliú roimh ré ó IOM agus de réir coinníollacha a chuireann IOM i bhfeidhm.

Deimhneofar agus cuirfear in iúl duit i scríbhinn faoin gcinneadh tú a chur ar fionraí.

Nuair is féidir, déanfaidh fostaí sinsearach IOM imscrúdú ar líomhain maidir le sárú ar bheartas IOM nach bhfuil baint aige ná aici in aon chor leis an líomhain atá á himscrúdú.

## Gníomhú smachtaithe

### (A) Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil

Ar an gcéad dul síos, i gcás go measann IOM go bhfuil sé cuí, déanfaidh IOM iarracht aon ghearán a réiteach leis an bhfostaí ar bhealach neamhfhoirmiúil.

Mura bhfuil plé mar sin cuí i gcás mar sin, nó má theipeann air an fhadhb a réiteach, beidh an nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm.

### (B) Nós Imeachta Foirmiúil

Faoin nós imeachta

foirmiúil, sula ndéantar cinneadh ar aon ghníomhú smachtaithe (lena n-áirítear rabhaidh), iarrfar ort teacht chuig éisteacht smachta chun na líomhaintí i do choinne a phlé.

Roimh an éisteacht smachta, gheobhaidh tú an méid seo a leanas:

- réamhfhógra ar dháta na héisteachta smachta beartaithe;
- sonraí an ghearáin (na ngearán) i do choinne; agus
- cóip d’aon fhianaise tacaíochta a dhéanfaidh IOM tagairt di agus/nó a bhraithfidh sí uirthi ag an éisteacht smachta.

Féadfaidh comhghleacaí (seachas fostaí atá á fhiosrú do ghníomhú smachtaithe reatha a bhaineann leis an ngearán céanna) nó ionadaí ceardchumainn tacú leat ag an éisteacht smachta. Is féidir le hIOM ionadaíocht bhreise a mheas ar bhonn cás ar chás. Ní mór duit d’ionadaí roghnaithe a chur in iúl don fhoireann AD roimh an éisteacht smachta. Coimeádann IOM an ceart aici freastal d’ionadaí roghnaithe ag an éisteacht smachta a dhiúltú i gcás, mar shampla, de réir thuairim réasúnach IOM, go gcuirfeadh a f(h)reastal bac ar reáchtáil éifeachtach na héisteachta smachta. Tabharfar an deis duit d’ionadaí roghnaithe a athrú.

Ag an éisteacht smachta, cuirfear in iúl duit faoin ngearán (faoi na gearáin) a rinneadh i do choinne, agus tabharfar deis duit do chás a mhíniú agus aon fhianaise mhaolaithe a chur ar fáil ar do shon.

Féadfaidh an éisteacht smachta a chur ar atráth más gá chun tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh nó d'aon chúis eile.

Má theipeann ort freastal ar an éisteacht smachta nuair a thugtar fógra ina leith, féadfaidh an éisteacht smachta leanúint ar aghaidh gan tú, seachas sa chás go bhfuil cúinsí ar leith ann a choisceann tú a bheith ann.

Tar éis na héisteachta, cuirfear in iúl duit faoin gcinneadh agus faoi nádúr aon ghníomhú smachtaithe (más ann) atá le déanamh.

**NÓTA: Coimeádann IOM an ceart aici leanúint ar aghaidh le próiseas smachta in ainneoin go dtagann fostaí gearán chun cinn maidir le hábhar an phróisis smachta nó le hábhar eile.**

I gcás go measann IOM go bhfuil smachtbhanna smachta cuí, tá ceithre smachtbhanna fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ann.

1. **Rabhadh béil**: Cuirfear cúis an rabhaidh in iúl duit i scríbhinn, gurb é sin an chéad chéim den nós imeachta agus go bhfuil sé de cheart agat achomharc a dhéanamh. Coinneofar nóta den rabhadh ar do chomhad pearsanra. Coinneofar an rabhadh ar taifead le haghaidh 6 mhí agus tar éis sin, rachaidh sé as feidhm ag brath ar fhreastal, ar iompar agus ar fheidhmíocht atá sásúil. Cuirfear in iúl duit má dhéanann tú cion eile le linn na tréimhse a shonraítear sa rabhadh, agus déanfar gníomhú smachtaithe eile.

2. **An chéad rabhadh i scríbhinn**: Cuirfear cúis an rabhaidh in iúl duit i scríbhinn. Cuirfear in iúil duit faoin gceart atá agat achomharc a dhéanamh freisin. Coinneofar cóip den rabhadh ar do chomhad pearsanra. Coinneofar an rabhadh ar taifead le haghaidh 9 mí agus tar éis sin, rachaidh sé as feidhm ag brath ar fhreastal, ar iompar agus ar fheidhmíocht atá sásúil. Cuirfear in iúl duit má dhéanann tú cion eile le linn na tréimhse a shonraítear sa rabhadh, agus déanfar gníomhú smachtaithe eile.

3. **An rabhadh deiridh i scríbhinn**: Cuirfear cúis an rabhaidh in iúl duit i scríbhinn. Maífidh an rabhadh seo, má dhéanann tú cion eile le linn na tréimhse ina sonraítear, cuirfear deireadh le d'fhostaíocht. Cuirfear in iúil duit faoin gceart atá agat achomharc a dhéanamh freisin. Coinneofar cóip den rabhadh ar do chomhad pearsanra. Coinneofar an rabhadh ar taifead le haghaidh 12 mhí agus tar éis sin, rachaidh sé as feidhm ag brath ar

fhreastal, ar iompar agus ar fheidhmíocht atá sásúil.

4. **Dífhostú nó smachtbhanna eile**: Ní dhéanfar cinneadh tú a dhífhostú gan é seo a chur faoi bhráid an Cheannasaí Roinne chuí agus an Stiúrthóra Acmhainní Daonna ar dtús, agus cuirfear in iúl duit i scríbhinn é. Inseofar duit go bhfuil sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh.

In ionad dífhostaithe, coimeádann IOM an ceart aici tú a chur ar fionraí gan phá, d'fhostaíocht a aistriú nó tú a aistriú go post eile, ísliú céime a thabhairt duit, bac a chur ort ardú céime a fháil nó cur isteach orthu seo de réir mar a mheasann IOM atá cuí sna cúinsí.

I gcás mí-iompar tromchúiseach, coimeádann IOM an ceart aici tú a dhífhostú ar an bpointe gan fógra nó gan phá in ionad fógra. Seo a leanas liosta ar cad atá i gceist le mí-iompar tromchúiseach**, de réir IOM, ach ní liosta uileghabhálach é seo:**

- taifid a ghoid nó a bhrionnú m.sh. cáipéisí IOM, éilimh costais nó taifid freastail srl;
- a bheith faoi thionchar drugaí nach bhfuil ar oideas ó thaobh leighis de nó na drugaí seo a bheith agat agus tú ar áitreabh IOM;
- bheith faoi thionchar alcóil agus tú ar ghnó IOM;
- iompar foréigneach, drochídeach, bulaíochta nó bagrach;
- gníomhú tromchúiseach de chiapadh gnéasach, cine nó ciapadh eile;
- damáiste mailíseach ar áitreabh IOM, a cliaint nó fostaithe eile;
- neamhaird scannalach ar nósanna imeachta, rialacha agus rialacháin IOM;
- mórfhaillí;
- sárú tromchúiseach dualgais;
- sárú tromchúiseach iontaoibhe;
- gníomhartha a dhéanann damáiste do chlú IOM nó a tharraingíonn droch-cháil uirthi;
- aon ghníomhú atá ina chion coiriúil a fhágann go bhfuil sé míchuí an fostaí sin a fhostú;
- úsáid neamhúdaraithe nó nochtadh d'fhaisnéis rúnda;
- mainneachtain maidir leis an bhfaisnéis cheart a nochtadh ar Fhoirm Iarratais nó CV;

- sárú ar rialacha Sláinte agus Sábháilteachta a chuireann sláinte agus sábháilteacht daoine eile i mbaol; agus
- gníomhartha mí-ionracais.

**(C) Achomharc**

Coimeádann tú an ceart agat achomharc a dhéanamh ar aon chinneadh smachta. Ba cheart duit cur in iúl don Stiúrthóir Acmhainní Daonna i scríbhinn gur mhian leat achomharc a dhéanamh laistigh de dheich lá oibre ó dháta an chinnidh, a leagfaidh amach foras d'achomhairc.

Rachaidh smachtbhannaí smachta i bhfeidhm go huathoibríoch ag brath ar thoradh d'aon éisteacht achomhairc. Chun amhras a sheachaint i gcás go ndéantar achomharc maidir leis an gcinneadh chun duine a dhífhostú agus go dtacaítear leis seo, is ionann an dáta dífhostaithe agus dáta an bhunchinnidh, ní dáta an achomhairc.

Déanfaidh duine aonair comhaontaithe an éisteacht achomhairc chomh luath agus is féidir tar éis achomharc a dhéanamh. Cinnfidh an duine aonair comhaontaithe an bpléitear leis an achomharc ó bhéal agus/nó i scríbhinn.

Beidh toradh na héisteachta achomhairc deiridh.

## 3. Athbhreithniú

I gcásanna ar leith, coimeádann IOM an ceart aici aon athruithe agus leasuithe a dhéanamh ar an mBeartas seo de réir mar is riachtanach agus cuí, ag am ar bith, dá lánrogha féin.

## 4. Cáipéisí Gaolmhara

- Cód Cleachtais ar Nósanna Imeachta Gearán agus Smachta
- Conradh Fostaíochta
- An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 - 2015
- Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2005
- Cód Iompair MIE don Fhoireann & do Mhic Léinn maidir le Córais TF a Úsáid
- Beartas um Bainistíocht Taifead IOM
- Sceideal Coinneála Taifead IOM